Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5638/25**

**COHOM 11**
**COPS 44**
**CONUN 17**
**COASI 16**
**MAMA 24**
**COAFR 24**
**DEVGEN 15**
**CFSP/PESC 160**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Eanáir 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2025, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4075ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 27 Eanáir 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2025**

1. Is cearta uilíocha, dodhealaithe, idirspleácha agus idirghaolmhara iad **cearta an duine**, bídís sibhialta, cultúrtha, eacnamaíoch, polaitiúil nó sóisialta. Tá siad bunriachtanach do dhínit an duine, don chomhionannas, don daonlathas, don tsíocháin agus don fhorbairt inbhuanaithe. Tá an tsíocháin agus an rathúnas, chomh maith le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe, fite fuaite san urraim don smacht reachta, don daonlathas agus do cheart uile an duine. Is rómhinic a bhaineann coinbhleacht agus foréigean le séanadh chearta an duine agus tá sé foghlamtha againn ón stair nach féidir linn ár saoirse féin a chosaint ach amháin má chosnaímid saoirse daoine eile.

2. Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a thiomantas buanseasmhach do chearta an duine a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn go huilíoch do chách, i ngach áit. In 2025, leanfaidh an tAontas de chearta an duine a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn mar thosaíocht dá ghníomhaíocht sheachtrach agus bainfidh sé leas as gach deis i bhfóraim idirnáisiúnta chun cur i gcoinne an bhrú siar i gcoinne chearta an duine.

3. Leanfaidh an tAontas de sheasamh láidir a ghlacadh agus de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le hurramú an dlí idirnáisiúnta agus chearta an duine a chaomhnú agus a chur chun cinn, agus é ag baint leas as a aontacht chun tionchar a imirt. Tráth atá an choinbhleacht agus an teannas ag dul i méid, agus treocht scanrúil neamhairde ar an dlí idirnáisiúnta i réim, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas buanseasmhach don **iltaobhachas éifeachtach agus don ord idirnáisiúnta riailbhunaithe** a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, inar láidre dlíthe agus noirm ná coinbhleacht. Beidh ról ceannasach ag an Aontas in athchóiriú an chórais idirnáisiúnta a chur chun cinn agus sa Chomhshocrú don Todhchaí agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis a chur chun feidhme, lena n-athdhearbhaítear tábhacht chearta an duine. Cuirfidh an tAontas i gcoinne aon iarracht deighilt a chothú nó an bonn a bhaint de luachanna uilíocha agus den dlí idirnáisiúnta. Athdhearbhóidh an tAontas go réamhghníomhach go bhfuil a sheasaimh bunaithe ar luachanna uilíocha agus ar an dlí idirnáisiúnta, agus leanfaidh sé de bheith ag cur i gcoinne insintí naimhdeacha.

4. Leanfaidh an tAontas de bheith ag **comhoibriú le réigiúin uile an domhain**, chun éisteacht le hábhair imní dhlisteanacha a chomhpháirtithe, agus chun feabhas a chur ar an gcomhar le tíortha a bhfuil dáimh acu leo ar fud na réigiún. Beidh sé thar a bheith tábhachtach an comhar a dhoimhniú agus a leathnú i réimse chearta an duine, lena n-áirítear comhar ní hamháin le comhpháirtithe traidisiúnta a bhfuil dáimh againn leo, agus gníomhú mar eadránaí. Bainfidh an tAontas úsáid as na Cruinnithe Mullaigh atá beartaithe aige in 2025 chun tuiscint, gníomhaíocht chomhpháirteach agus comhghuaillíochtaí a chothú, maidir le cearta an duine i bhfóraim idirnáisiúnta, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do shásraí réigiúnacha um chearta an duine.

5. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na Stáit uile comhoibriú go hiomlán agus plé go cuiditheach le **córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine**, lena n-áirítear an Chomhairle um Chearta an Duine agus a sásraí, an Tríú Coiste, comhlachtaí an Chonartha, chomh maith le gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe. Athdhearbhaíonn an tAontas a cuid tacaíochta daingne d'Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine a bheith ag feidhmiú go neamhspleách agus acmhainní leordhóthanacha aici, agus tá sé i bhfabhar, anuas air sin, córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine a neartú. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na Stáit uile rochtain neamhchoinníollach gan bhac ar a gcríocha a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus dá sásraí faireacháin um Chearta an Duine, cuirí a leathnú chuig Nósanna Imeachta Speisialta na Náisiún Aontaithe agus chuig sásraí eile de chuid na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus a gcuairteanna tíre a éascú. Is díol sásaimh don Aontas an obair atá déanta ag an gComhairle um Chearta an Duine chun éifeachtúlacht a modhanna oibre a áirithiú agus meabhraítear dó gur faoin gComhairle um Chearta an Duine atá sé cinneadh a dhéanamh ina leith. Is díol sásaimh don Aontas freisin comhordú feabhsaithe idir biúrónna na Comhairle um Chearta an Duine agus biúró an Tríú Coiste chun sineirgí níos fearr a áirithiú idir obair na gcomhlachtaí sin agus chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint. Cé go bhfuil méadú tagtha ar ualach oibre an dá chomhlacht, ba cheart cinntí maidir le modhanna oibre a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach, comhthoiliúil agus ba cheart iad a mheas go cúramach.

6. Bainfidh an tAontas úsáid i gcónaí as na hionstraimí uile atá ar fáil dó, lena n-áirítear **córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine**, chun athrú a thabhairt i gcrích agus staid chearta an duine ar fud an domhain a fheabhsú.

7. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí deireadh a chur le saoirse ó phionós agus **cuntasacht** a áirithiú as gach sárú ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine, agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta ar fud an domhain. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le hiarrachtaí imscrúduithe neamhspleácha ar sháruithe agus mí-úsáidí i réimse cheart an duine agus ar sháruithe an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur ar bun, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht bhuanseasmhach don chóras idirnáisiúnta ceartais choiriúil, go háirithe don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, agus a thiomanta atá sé Reacht na Róimhe a urramú agus neamhspleáchas agus sláine na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a chaomhnú. Cáinfidh an tAontas i gcónaí ionsaithe nó bagairtí ar an gCúirt, ar oifigigh thofa, ar phearsanra agus orthu siúd a bhíonn ag comhoibriú leis an gCúirt. Tacóidh an tAontas go hiomlán freisin le cosaint na Cúirte agus a foirne ar bhrúnna nó bagairtí seachtracha agus rannchuideoidh sé go hiomlán leis an gcosaint sin a áirithiú.

8. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht láidir a thabhairt don **chlár oibre comhionannais** trí na fóraim iltaobhacha uile. Molfaidh an tAontas go láidir go ndéanfaí iarrachtaí ar son an **chomhionannais inscne**, ar son chearta uile an duine agus a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chomhionannas inscne a phríomhshruthú i gcomhthéacsanna tíre agus téamacha. Is é 2025 comóradh 30 bliain Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus tabharfaidh an 69ú Coimisiún um Stádas na mBan deis uathúil don chomhphobal idirnáisiúnta a thiomantas don chomhionannas inscne, do theachtadh iomlán chearta uile an duine ag mná agus cailíní uile agus dá gcumhachtú a athdhearbhú. Tabharfaidh an tAontas aghaidh ar an 69ú seisiún den Choimisiún um Stádas na mBan agus é thar a bheith uaillmhianach ina leith. I gcomhthéacs an bhrú siar i gcoinne an chomhionannais inscne atá ag dul i méid, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis na comhpháirtithe uile chun noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta a chur chun cinn. Leagfaidh an Chomhairle béim ar an ngá atá le cur chuige uaillmhianach athraitheach chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus ar na tosca riosca a bhaineann leis an neamh-chomhionannas inscne, le hidirdhealú agus le foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú iomlán ghné na hinscne a chur chun cinn i dtionscnaimh shíochána agus shlándála, lena n-áirítear trí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus rúin ina dhiaidh sin a chur chun feidhme, trí rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní a neartú maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach le linn thimthriall iomlán na coinbhleachta. Bainfidh an tAontas leas as gach deis sna fóraim ábhartha uile, lena n-áirítear an Coimisiún maidir le Daonra agus Forbairt, leanúint de na gealltanais sin a chomhlíonadh.

9. Cuirfidh an tAontas cosc agus díothú **an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe** ar líne agus as líne araon i gcroílár a chuid iarrachtaí, lena n-áirítear foréigean dá leithéid a bhaineann le coinbhleacht, foréigean baile agus páirtí dlúthchaidrimh, pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ciorrú ball giniúna ban agus cleachtais dhíobhálacha eile in aghaidh na mban agus na gcailíní. Cuirfidh an tAontas cineálacha cur chuige uile-shochaí chun cinn chun fir agus buachaillí a rannpháirtiú mar chomhghuaillithe agus mar thairbhithe sna hiarrachtaí chun deireadh a chur leis an neamhionannas inscne uile, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar dhlíthe idirdhealaitheacha, agus trí noirm shóisialta idirdhealaitheacha agus steiréitíopaí inscne a chomhrac. Meabhraítear don Aontas a thiomantas tacú le rannpháirtíocht chomhionann iomlán éifeachtach fhóinteach a bheith ag mná agus an óige, ina n-éagsúlacht uile, agus i ngach réimse den saol poiblí agus polaitiúil, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, 2020 – 2027.

10. Oibreoidh an tAontas chun deireadh a chur le sáruithe agus mí-úsáidí eile i réimse chearta an duine agus iad a chosc, lena n-áirítear trí thacú le tionscnaimh ábhartha an Tríú Coiste de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus den Chomhairle um Chearta an Duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le **tionscnaimh thírshonracha** i ndáil leis an Afganastáin, leis an mBealarúis, leis an mBurúin, le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC), leis an Eiritré agus le Maenmar. Coinneoidh sé súil ghéar ar thionscnaimh maidir le Poblacht na hAfraice Láir, le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, agus leis an tSeoirsia, lena n-áirítear réigiúin scarúnaíocha na hAbcáise agus na hOiséite Theas atá faoi fhorghabháil, Háítí, an Iaráin, Nicearagua, an Chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil, an Rúis, an tSomáil, an tSúdáin, an tSiria, agus críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach, lena n-áirítear Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach in idirphlé idirghníomhach le sealbhóirí sainorduithe nósanna imeachta speisialta agus i ndíospóireachtaí chun aird a tharraingt ar chásanna maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Aetóip, Srí Lanca agus Éimin.

11. Leanfaidh an tAontas de na coireanna atá á ndéanamh i gcomhthéacs **chogadh foghach mídhleathach** gan chúis gan údar na Rúise **ar an Úcráin** agus na sáruithe leanúnacha atá á ndéanamh ag an Rúis ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta san Úcráin a cháineadh go diongbháilte, lena n-áirítear coinneáil threallach, ionnarba mídhleathach, aistrithe le forneart, céastóireacht chórasach fhorleathan, drochíde, fuadaigh fhorfheidhmithe, básuithe seachbhreithiúnacha, foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, bású príosúnach cogaidh agus feachtas beartaithe in aghaidh bonneagar fuinnimh agus sibhialta eile na hÚcráine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar an Rúis deireadh a chur le cleachtas neamhdhleathach díbeartha agus aistrithe le forneart leanaí ón Úcráin agus lena n-uchtú mídhleathach. Molann an tAontas go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun cuntasacht a áirithiú as gach coir idirnáisiúnta agus gach sárú agus mí-úsáid i réimse chearta an duine a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise. Tacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí binse a mbeadh an tacaíocht agus an dlisteanacht thrasréigiúnach is leithne aige a bhunú chun coir an fhogha faoin Úcráin a ionchúiseamh. Leanfaidh an tAontas, ina cháil mar Rannpháirtí lánfheidhme sa Chlár Damáiste don Úcráin, de bheith ag obair i gcomhar le Comhairle na hEorpa chun sásra cuimsitheach idirnáisiúnta cúitimh a bhunú. Leagann sé béim ar a thacaíocht d’imscrúduithe Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus athnuachan a bheith déanta ag an gComhairle um Chearta an Duine ar shainordú an Choimisiúin Fiosrúcháin maidir leis an Úcráin. Is díol sásaimh don Aontas an chéim thábhachtach chun cinn i dtreo na cuntasachta a thug an Úcráin nuair a dhaingnigh sí Reacht na Róimhe, ar reacht de chuid na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta é, agus iarrann sé go n-áiritheofaí go gcuirfear chun feidhme go hiomlán í i reachtaíocht intíre na hÚcráine. Iarrfaidh an tAontas ar an Rúis deireadh a chur lena fogha, na fórsaí agus an trealamh míleata uile a tharraingt siar ó chríoch iomlán na hÚcráine agus lánurraim a thabhairt do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

12. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán agus de cháineadh a dhéanamh ar chóras struchtúrach sháruithe chearta an duine agus ar an mbrú faoi chois inmheánach atá córasach, státurraithe agus géaraithe, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an gcoinneáil threallach, an chéastóireacht agus drochíde eile. Cáineann an tAontas gur cuireadh guthanna easaontacha, an tsochaí shibhialta, an freasúra polaitiúil, na meán neamhspleách agus grúpaí stiogmataithe ina dtost i g**Cónaidhm na Rúise**. Iarrfaidh an tAontas go scaoilfí saor láithreach bonn gach príosúnach polaitiúil sa Rúis gan aon choinníoll a leagan síos roimh ré agus go gcuirfí deireadh leis an ngéarleanúint ar an bhfreasúra polaitiúil. Déanfaimid feasacht a mhúscailt ar an easpa smacht reachta atá ann agus iarrfaimid ar an Rúis deireadh a chur lena reachtaíocht dhiansmachtúil agus deireadh a chur le mí-úsáid pholaitiúil na mbreithiúna. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar an Rúis comhoibriú go hiomlán leis na sásraí faireacháin idirnáisiúnta agus réigiúnacha uile um chearta an duine agus leis na Nósanna Imeachta Speisialta uile a bhaineann le staid chearta an duine i gCónaidhm na Rúise.

13. Leanfaidh an tAontas de ghéarcháineadh a dhéanamh ar na hollsáruithe córasacha forleathana i réimse chearta an duine sa **Bhealarúis**. Tathantóidh an tAontas ar údaráis na Bealarúise stop a chur lena gcos ar bolg inmheánach agus gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor agus a athshlánú láithreach agus gan choinníoll. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar an mBealarúis comhoibriú go hiomlán le sásraí faireacháin idirnáisiúnta agus réigiúnacha um chearta an duine. Tathantóidh an tAontas ar údaráis na Bealarúise stop a chur lena rannpháirtíocht i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus stop a chur le hionstraimiú na n-imirceach, i gcomhpháirt leis an Rúis, chun críoch polaitiúil. Tathantóidh an tAontas freisin ar údaráis na Bealarúise deireadh a chur le pionós an bháis agus, mar chéad chéim, moratóir a thabhairt isteach. Oibreoidh an tAontas chun a áirithiú go bhfanfaidh staid chearta an duine sa Bhealarúis atá ag dul in olcas ag barr chlár oibre na Comhairle um Chearta an Duine.

14. Is díol mór sásaimh don Aontas comhaontú an tsosa comhraic in **Gaza, lena scaoilfear saor na gialla de réir a chéile, lena gcuirfear deireadh leis an gcogaíocht agus lena laghdófar an fhulaingt dhaonnúil in Gaza.** Is díol sásaimh don Aontas go ndéanfar na gialla, a bhfuil roinnt náisiúnach de chuid an Aontais san áireamh orthu, a athaontú lena ndaoine muinteartha agus go sroichfidh an chabhair dhaonnúil a bhfuil géarghá léi sibhialtaigh in Gaza. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear an comhaontú i bhfeidhm go hiomlán chun go bhféadfar na gialla go léir a scaoileadh saor, agus chun a chinntiú go gcuirfear deireadh buan leis an gcogaíocht. Iarrfaidh an tAontas go dtabharfaí rochtain iomlán gan bhac don chabhair dhaonnúil ar Stráice Gaza agus go ndéanfaí an chabhair sin a dháileadh go héifeachtach orthu siúd atá i ngátar, lena n-áirítear cabhair arna tabhairt ag gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus go háirithe UNRWA. Leanfaidh an tAontas de na hionsaithe brúidiúla sceimhlitheoireachta a rinne Hamas i gcoinne **Iosrael** an 7 Deireadh Fómhair 2023 a cháineadh go diongbháilte. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh le teaghlaigh na n-íospartach agus na ngiall ar fhuadaigh Hamas iad. Is olc leis an Aontas líon do-ghlactha na dtaismeach sibhialtach, go háirithe leanaí agus mná, in Gaza agus sa Bhruach Thiar, chomh maith leis na hiarmhairtí tubaisteacha, lena n-áirítear an baol go mbeidh gorta ann, arb í neamhleor na cabhrach chuig Gaza is cúis leo. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe uile a gcuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú, agus tugann sé dá aire nach mór cuntasacht a bheith ann as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta. Meabhraítear don Aontas freisin gur gá na horduithe ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta, atá ceangailteach ó thaobh dlí, a chur chun feidhme ina n-iomláine. Sa Bhruach Thiar, leanfaidh an tAontas de géarcháineadh a dhéanamh ar an bhforéigean leanúnach arna dhéanamh ag na lonnaitheoirí antoisceacha, agus ar leathnú na lonnaíochtaí neamhdhleathacha, lena n-áirítear scartálacha. Faoin dlí idirnáisiúnta tá lonnaíochtaí mídhleathach. Iarrfaidh an tAontas go ndéanfaí comhar le sásraí uile na Náisiún Aontaithe agus go n-urramófaí na hoibleagáidí uile maidir le cearta an duine. Cáineann an tAontas aon sárú a dhéantar i réimse chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de bheith tiomanta do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach atá bunaithe ar an réiteach dhá stát. Sa **Liobáin**, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an tsosa comhraic agus iarrfaidh sé ar na páirtithe uile comhaontú an tsosa comhraic agus Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme ina n-iomláine, chun a áirithiú go bhfillfidh na pobail easáitithe ar an dá thaobh go sábháilte. Iarrfaidh an tAontas ar na páirtithe uile sainordú UNIFIL a chosaint agus tacú leis.

15. Cáinfidh an tAontas go géar na sáruithe agus na mí-úsáidí córasacha i réimse chearta an duine san **Afganastáin**, go háirithe an t-idirdhealú míchuibheasach ar bhonn gnéis a dhéanann an Talaban in aghaidh na mban agus na gcailíní, rud a d'fhéadfadh a bheith ina ghéarleanúint ar bhonn inscne, ar coir é in aghaidh an chine dhaonna faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a bhfuil an Afganastáin ina páirtí stáit ann. Áirítear orthu sin an foréigean inscnebhunaithe, na cearta a dhiúltaítear (an ceart chun oideachais do chách, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse gluaiseachta agus oibre) agus an srian géar leis an rannpháirtíocht i ngach réimse den saol poiblí agus den saol sóisialta, lena n-áirítear an toirmeasc ar mhná oibriú d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus do na Náisiúin Aontaithe, an Dlí um Fhorleathadh na Suáilce agus Cosc na Duáilce, mar a thugtar air, agus an cinneadh a rinneadh le déanaí rochtain na mban agus na gcailíní ar an oideachas in institiúidí leighis príobháideacha agus poiblí a chur ar fionraí. Cuirfidh an tAontas i bhfios go láidir gur gá rannpháirtíocht iomlán, chomhionann, fhóinteach agus shábháilte na mban agus na gcailíní a áirithiú i ngach réimse den tsochaí agus den saol poiblí. Iarrfaidh an tAontas freisin go gcosnófar cearta daoine ar de mhionlaigh iad, lena n-áirítear mionlaigh eitneacha agus reiligiúnacha, ar nós na Hasárach, chomh maith le daoine LGBTI. Tacóidh an tAontas le Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe san Afganastáin (UNAMA) faoina shainordú cuimsitheach ina bhfuil gné láidir maidir le cearta an duine agus faoi shainordú an Rapóirtéara Speisialta maidir le staid chearta an duine san Afganastáin, chomh maith le Toscaire Speisialta de chuid na Náisiún Aontaithe don Afganastáin a cheapadh i gcomhréir le Rún 2721 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Leanfaidh an tAontas de bhéim a leagan ar an bhfreagracht atá ar an Talaban a áirithiú go ndéanfar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, agus cúnamh daonnúil agus urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta a áirithiú. Beidh ról réamhghníomhach ag an Aontas maidir le sásraí cuntasachta breise a bhféadfadh breisluach soiléir a bheith ag baint leo a mheas. Iarrfaidh sé ar an Talaban cloí leis na hoibleagáidí faoin gCoinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus faoin gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh a bhfuil an Afganastáin ina páirtí ann.

16. Athdhearbhóidh an tAontas na hábhair imní atá aige maidir le staid chearta an duine sa **tSín**, lena n-áirítear sa Tibéid, san Ion- Mhongóil, i Hong Cong agus in Xinjiang. Tabharfaidh an tAontas spreagadh don tSín comhoibriú go héifeachtach le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe agus lena Oifig, agus leis na sásraí idirnáisiúnta uile um chearta an duine, lena n-áirítear i dtreo chur chun feidhme na moltaí a áirítear sa tuarascáil mheasúnaithe ar ábhair imní maidir le cearta an duine in Xinjiang a chur chun feidhme. Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar theachtadh iomlán chearta an duine agus ar fheidhmiú na saoirsí bunúsacha, go háirithe maidir le saoirse tuairimíochta agus saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhlachais agus comhthionóil shíochánta, saoirse reiligiúin nó creidimh, lena n-áirítear an ceart a bheith ag grúpaí reiligiúnacha a ngnóthaí bunúsacha a dhéanamh gan chur isteach agus a gceannairí reiligiúnacha a roghnú gan bhac, chomh maith le cearta na mban agus na gcailíní a chosaint, féiniúlacht chultúrtha a chaomhnú agus deireadh a chur le húsáid saothair éignithe. Déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán i gcónaí ar chásanna aonair de chosantóirí ceart daonna, lena n-áirítear iad siúd a bhíonn ag plé le sásraí na Náisiún Aontaithe. Tathantóidh sé ar an tSín cearta an duine do chách a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear muintir Hong Cong, chomh maith leis na hUigiúraigh, na Tibéidigh agus daoine ar de mhionlaigh eitneacha, reiligiúnacha agus teanga agus de mhionlaigh eile iad. Athdhearbhóidh an tAontas gur cúis imní dó na gealltanais idirnáisiúnta a thug an tSín roimhe seo maidir le Hong Cong. Tá an tAontas Eorpach sásta oibriú leis an tSín, nuair is féidir, agus lánurraim á tabhairt do chearta uilíocha an duine, ar shaincheisteanna mar shampla cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha i bhfóraim iltaobhacha.

17. Iarrfaidh an tAontas ar **Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré** (**DPDC**) aghaidh a thabhairt ar thorthaí an Choimisiúin Fiosrúcháin ó 2014 a bhaineann le sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha DPDC i réimse chearta an duine, agus déileáil go fóinteach le córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar DPDC glacadh le tairiscintí chun idirphlé agus déileáil an athuair leis an gcomhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí phearsanra taidhleoireachta agus daonnúil a ligean isteach in DPDC arís. Tathantóidh sé ar DPDC cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus na moltaí a eascraíonn as Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann 2024 a chur chun feidhme.

18. Leanfaidh an tAontas de sháruithe i réimse chearta an duine **san Iaráin** a cháineadh agus tathantóidh sé ar údaráis na hIaráine seasamh le cearta an duine do chách, go háirithe mná agus cailíní agus daoine ar de mhionlaigh reiligiúnacha agus eitneacha iad. Iarrfaidh an tAontas ar rialtas na hIaráine deireadh a chur le básuithe agus beartas comhsheasmhach a shaothrú chun pionós an bháis a dhíothú agus comhoibriú go hiomlán le sásraí na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, go háirithe an Misean Neamhspleách Aimsithe Fíoras agus Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir leis an Iaráin. Ina theannta sin, tathantóidh sé ar an Iaráin go scaoilfí saor gach duine atá á choinneáil go treallach, lena n-áirítear náisiúnaigh eachtracha agus dénáisiúnaigh, coinníollacha coinneála a chur i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus go gcuirfí próis chuí ar fáil do gach duine atá faoi choinneáil.

19. Iarrfaidh an tAontas ar an arm deireadh a chur le gach cineál foréigin i gcoinne sibhialtach, go scaoilfí saor na príosúnaigh uile atá á gcoinneáil go treallach go háirithe go háirithe mar thoradh ar *coup* míleata 2021, agus go mbeadh cobhsaíocht agus athmhuintearas síochánta i **Maenmar/Burma**. Iarrfaidh sé go mbunófaí bealach daonlathach go pras a bheidh trédhearcach, cuimsitheach agus inchreidte agus tacóidh sé le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe agus ASEAN i ndáil leis an méid sin agus tathantóidh sé go gcuirfí rún CSNA 2669 (2022) chun feidhme ina iomláine. Iarrfaidh sé go mbeadh níos mó comhleanúnachais ann i ndáil le seasaimh ar fud chóras na Náisiún Aontaithe, go háirithe trí ghníomhaíochtaí na sealbhóirí agus na ngníomhaireachtaí éagsúla de chuid na Náisiún Aontaithe ar an láthair a chuíchóiriú. Leanfaidh sé de bheith ag tacú leis an gceartas agus leis an gcuntasacht as gach ollsárú agus mí-úsáid i réimse chearta an duine, lena n-áirítear foréigean gnéis agus foréigean inscnebhunaithe a bhaineann le coinbhleacht. Iarrfaidh sé rochtain dhaonnúil iomlán agus gan bhac ar gach duine atá i ngátar. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don mhaolú ar an bhforéigean agus d’aisiompú mhíleatú méadaitheach na sibhialtach, lena n-áirítear Róihinsí i Rakhine agus i gcampaí dídeanaithe. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do shásraí cuntasachta agus iarrfaidh sé go neartófaí agus go n-úsáidfí iad, lena n-áirítear an Sásra Imscrúdaitheach Neamhspleách maidir le Maenmar (IIMM), chun tacú le próisis dlí chuí thapa.

20. Leanfaidh an tAontas de cháineadh a dhéanamh ar na sáruithe agus na mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine **sa tSúdáin**, lena n-áirítear foréigean gnéis agus inscnebhunaithe ar mórscála agus sáruithe ar chearta leanaí. Iarrfaidh an tAontas ar na páirtithe uile stop a chur láithreach leis an gcogaíocht agus seasamh leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus iad a urramú, agus éileoidh sé go mbeidh rochtain dhaonnúil gan bhac ann agus go ndéanfar oibrithe daonnúla a chosaint. Díreoidh an tAontas ar chuntasacht a áirithiú as coireanna ainghníomhacha a dhéantar sa tír agus in áiteanna eile, lena n-áirítear go leor díobh a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna cogaidh agus ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna. Tacóidh an tAontas le hobair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus na Náisiún Aontaithe agus iarrfaidh sé ar an tSúdáin comhoibriú leis an Saineolaí Neamhspleách sa tSúdáin agus leis an Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíoras maidir leis an tSúdáin.

21. Is stairiúil an ócáid é turnamh réimeas coiriúil Assad do **mhuintir na Siria**, dream a d'fhulaing go mór agus a thaispeáin go raibh an-teacht aniar iontu agus iad ag iarraidh an dínit, an tsaoirse agus an ceartas a shaothrú. Ní mór deis a bheith ag gach duine a dtír a athaontú, a chobhsú agus a atógáil, ceartas a athbhunú agus cuntasacht a áirithiú. Beidh an ceartas idirthréimhseach agus urraim do chearta an duine ríthábhachtach chun síocháin agus athmhuintearas inbhuanaithe a bhaint amach. Ní mór na páirtithe uile atá freagrach as sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) nó as sáruithe agus mí-úsáidí i réimse chearta an duine a thabhairt chun cuntais. Ní mór gach coir agus gach sárú i réimse an dlí um chearta an duine arna ndéanamh ag na páirtithe sa chogadh cathartha sa tSiria a imscrúdú i gcomhthéacs an cheartais idirthréimhsigh. Tathantaíonn an tAontas ar na gníomhaithe uile aon fhoréigean breise a sheachaint, cosaint na sibhialtach a áirithiú, agus seasamh leis an dlí idirnáisiúnta, leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, lena n-áirítear cearta na mban agus cearta an linbh. Tathantaímid go ndéanfaí na sibhialtaigh uile a chosaint gan idirdhealú, lena n-áirítear daoine ar de mhionlaigh reiligiúnacha nó eitneacha iad. Tá sé ríthábhachtach go nglacfadh na páirtithe leasmhara uile páirt in idirphlé cuimsitheach faoi stiúir na Siria agus faoi úinéireacht na Siria maidir leis na príomh-shaincheisteanna uile chun aistriú ordúil, síochánta agus cuimsitheach a áirithiú, le tacaíocht ó na Náisiúin Aontaithe agus i gcomhréir le croíphrionsabail Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Cuirfidh an tAontas in iúl go dtacaíonn sé i gcónaí leis an gCoimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách Fiosrúcháin agus leis an Sásra Idirnáisiúnta Neamhchlaonta agus Neamhspleách agus leis an Institiúid Neamhspleách um Dhaoine atá ar Iarraidh i bPoblacht Arabach na Siria (IIMP).

22. Oibreoidh an tAontas lena chomhpháirtithe chun aistriú daonlathach síochánta, cuimsitheach a áirithiú i Veiniséala, lena léireofar toil **mhuintir Veiniséala**. Cuirfidh an tAontas próiseas idirphlé chun cinn a bheidh faoi stiúir Veiniséala, a bhféadfadh réiteach síochánta daonlathach ar an ngéarchéim ilghnéitheach teacht as. Iarrfaidh an tAontas go gcuirfí deireadh leis an gcoinneáil threallach, lena n-áirítear saoránaigh eachtracha agus dénáisiúnaigh agus leis an mbrú faoi chois polaitiúil, go háirithe i leith chosantóirí chearta an duine, agus go scaoilfí saor gach príosúnach polaitiúil agus go n-urramófaí go hiomlán saoirsí bunúsacha, mar shampla saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhlachais agus comhthionóil. Tathantaíonn an tAontas ar Veiniséala dul i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, chomh maith le Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíoras na Náisiún Aontaithe maidir le Veiniséala.

23. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Háítí chun aghaidh a thabhairt ar a ghéarchéim dhaonnúil, cearta an duine a chur chun cinn, foréigean míchuibheasach a dhéanann grúpaí coiriúla armtha a chomhrac, agus an daonlathas agus an smacht reachta a athbhunú.

24. Cáinfidh an tAontas go láidir an foréigean atá á dhéanamh ar agóideoirí síochánta, polaiteoirí agus ionadaithe na meán **sa tSeoirsia**. Iarrfaidh an tAontas ar na húdaráis seasamh leis an gceart chun saoirse comhthionóil agus an ceart chun tuairimí a nochtadh a urramú, agus staonadh ó fhorneart a úsáid. Tacóidh an tAontas le tionscnaimh chun gach gníomh foréigin a imscrúdú agus na daoine atá freagrach astu a thabhairt chun cuntais.

25. Coinneoidh an tAontas súil ghéar ar staid chearta an duine san Asarbaiseáin, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do shíocháin inbhuanaithe mharthanach idir an Airméin agus an Asarbaiseáin.

26. Ina theannta sin, táthar ag dréim go gcloífidh an **Tuirc**, agus í ina tír is iarrthóir ar aontachas leis an Aontas agus ina ball seanbhunaithe de Chomhairle na hEorpa, lena gealltanais faoi seach.

27. Oibreoidh an tAontas chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta uile an duine a fhorbairt agus a neartú. Glacfaidh an tAontas páirt chuiditheach **sna tionscnaimh théamacha** a chuirtear i láthair sa Chomhairle um Chearta an Duine agus i gComhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Beidh an tAontas ar thús cadhnaíochta i dtaca le rúin théamacha a chur síos maidir le saoirse reiligiúin agus creidimh agus cearta an linbh.

28. Maidir leis teicneolaíochtaí **digiteacha agus an intleacht shaorga**, tá gá le coimircí láidre chun a rathú go gcosnófar cearta an duine, lena n-áirítear i bhfóraim iltaobhacha agus fóraim ilpháirtithe leasmhara. Cuirfidh an tAontas cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail dhaonlathacha chun cinn go gníomhach sa spás digiteach. Leanfaidh an tAontas de chur chuige a chur chun cinn atá bunaithe ar chearta an duine sa réimse digiteach, lena n-áirítear maidir leis an Intleacht Shaorga, agus le teicneolaíochtaí nua eile atá ag teacht chun cinn. Áirítear leis sin tacaíocht a thabhairt d'idirlíon oscailte, saor, cuimsitheach, sábháilte, domhanda, idir-inoibritheach agus slán do chách agus dá bhunús il-gheallsealbhóirí a chosaint, agus d'urraim don phríobháideachas, agus na cearta chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí a chur chun cinn. Ag tógáil ar an gComhshocrú Digiteach Domhanda, iarrfaidh an tAontas ar na Stáit uile an spás sibhialta ar líne a chosaint agus an méid seo a leanas a chosc: dúnadh idirlín agus an chinsireacht ar líne, an faireachas neamhdhleathach, fuathchaint ar líne, foréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht, an ionramháil faisnéise, an bhréagaisnéis agus an chibearchoireacht, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Chun é sin a dhéanamh, déanfaidh an tAontas comhpháirtíochtaí leis na tíortha agus na réigiúin atá ar aon intinn leis a leathnú agus a dhoimhniú go gníomhach, agus leanfaidh sé de phlé a dhéanamh leis an earnáil phríobháideach, leis an tsochaí shibhialta agus leis an saol acadúil. Oibreoidh an tAontas le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine agus le príomh-chomhpháirtithe eile, mar shampla Comhairle na hEorpa, UNESCO, ITU agus an oifig um Theicneolaíochtaí Digiteacha agus Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn, chun an Comhshocrú Digiteach Domhanda a chur chun feidhme.

29. Neartóidh an tAontas a thacaíocht chun seasamh leis an gceart chun **saoirse tuairimíochta agus saoirse chun tuairimí a nochtadh** ar líne agus as líne araon. Leanfaidh sé de bheith diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do shaoirse na meán agus do cheart na n-iriseoirí agus oibrithe na meán dhálaí sábháilte a bheith acu agus iad ag obair, gan eagla roimh chiapadh, bagairtí ná foréigean. Oibreoidh an tAontas chun cur i gcoinne na hionramhála eachtraí ar fhaisnéis agus chun an tsláine faisnéise a neartú, lena n-áirítear an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha, iontaofa agus chruinn. I bhfianaise na srianta méadaitheacha ar an spás sibhialta, déanfaidh an tAontas an **ceart chun saoirse comhthionóil shíochánta** agus chun saoirse **comhlachais** a chur chun cinn.

30. Tacóidh an tAontas go gníomhach le **sochaí shibhialta** atá éagsúil neamhspleách, agus lena rannpháirtíocht thábhachtach i bhfóraim uile an Aontais, agus déanfaidh sé í a chur chun cinn agus a chumhachtú. Cáinfidh an tAontas go láidir aon chineál díoltais a dhéanfar ar **chosantóirí i réimse chearta an duine** agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear na cosantóirí siúd a chomhoibríonn leis na Náisiúin Aontaithe i bhfoirm ar bith. Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar na rioscaí sonracha a bhaineann le catagóirí áirithe cosantóirí chearta an duine a ndéantar idirdhealú, foréigean agus ciapadh orthu go minic, agus beidh sé ar thús cadhnaíochta i gcur chun cinn timpeallachta sábháilte cumasúcháin don tsochaí shibhialta agus do gach chosantóir chearta an duine, lena n-áirítear iad siúd atá ar deoraíocht. Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar bhagairtí ar chosantóirí i réimse chearta an duine agus ar ghníomhaithe sochaí sibhialta, lena n-áirítear ar líne, agus an brú faoi chois trasnáisiúnta. Ina theannta sin, cuirfidh an tAontas i gcoinne bearta dlíthiúla agus riaracháin lena laghdaítear an spás sibhialta, ar nós bacainní ar chlárú eagraíochtaí neamhrialtasacha, srianta ar rochtain ar acmhainní, rialacha grinnfhiosrúcháin dochraideacha agus ceanglais throma tuairiscithe. Oibreoidh an tAontas go dlúth le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus faoi Nósanna Imeachta Speisialta chun a áirithiú go n-éistfear le guthanna na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine.

31. Meabhróidh an tAontas go seasann sé ar bhonn prionsabail i gcoinne **phionós an bháis i ngach cás agus i ngach imthoisc**, agus iarrfaidh sé ar na tíortha uile a bhfuil pionós an bháis fós á chur i bhfeidhm acu deireadh a chur leis, nó moratóir a choinneáil nó a thabhairt isteach mar chéad chéim chun deireadh a chur leis. Cáinfidh an tAontas go láidir agus go haonchiallach cur i bhfeidhm phionós an bháis, go háirithe i gcásanna ina sáraítear na híoschaighdeáin idirnáisiúnta, agus tacóidh sé go láidir leis na rúin ón gComhairle um Chearta an Duine agus ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, ina leagtar béim ar an dochar a dhéanann an pionós cruálach, mídhaonna agus táireach sin do chearta an duine. Déanfaidh an tAontas daingniú breise ar an Dara Prótacal Roghnach don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla a chur chun cinn.

32. Cuirfidh an tAontas in iúl gur cúis imní dó an méadú atá tagtha ar úsáid na **céastóireachta** nó na drochíde mar mhodh chun an t-easaontú polaitiúil a neamhniú agus spás na sochaí sibhialta a shrianadh. Leagfaidh an tAontas béim ar thrádáil gan chéastóireacht mar chéim ríthábhachtach chun deireadh iomlán a chur leis na cleachtais sin, agus breithneoidh sé céimeanna breise chun toirmeasc a chur ar thrádáil dhomhanda na n-earraí a úsáidtear chun na gcríoch sin.

33. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh go daingean i gcoinne gach cineáil **idirdhealaithe**, agus de dhlús a chur leis an ngníomhú ina choinne, agus aird ar leith á tabhairt ar fhoirmeacha iolracha trasnacha idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú, do theidlíocht gach duine réimse iomlán chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a theachtadh, agus do chosaint a thabhairt dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach agus imeallaithe. Athdhearbhóidh an tAontas a ghealltanas teachtadh iomlán agus comhionann chearta uile daoine LGBTI a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus cuirfidh sé in iúl gur cúis mhór imní dó na rátaí scanrúla foréigin, idirdhealaithe agus stiogmataithe, agus coiriúlú an caidrimh chomhghnéis. Glacfaidh an tAontas páirt i sainorduithe de chuid na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar an bhforéigean agus ar gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus leanfaidh sé de thacaíocht láidir a thabhairt d'obair na Náisiún Aontaithe chuige sin.

34. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí **cearta daoine faoi mhíchumas** a phríomhshruthú thar mhíreanna éagsúla ar an gclár oibre agus in obair na n-institiúidí iltaobhacha, agus a áirithiú go mbeidh cearta comhionanna ag gach duine faoi mhíchumas maidir le rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán, éifeachtach agus fóinteach i ngach gné den saol sóisialta, cultúrtha, oideachais, eacnamaíoch, sibhialta agus polaitiúil.

35. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na Stáit uile cearta daonna gach duine ar de **mhionlaigh** náisiúnta nó eitneacha, reiligiúnacha agus teanga iad a urramú, a chosaint agus a chomhall, lena n-áirítear i ngach fóram ábhartha. Cuirfidh an tAontas chun cinn a gceart chun páirt éifeachtach a ghlacadh sa saol cultúrtha, reiligiúnach, sóisialta, eacnamaíoch agus poiblí. Cuirfidh an tAontas i gcoinne gach cineál gríosaithe chun foréigin nó fuatha agus cuirfidh sé i gcoinne na fuathchainte, bíodh sin ar líne nó as líne, agus, ag an am céanna, caomhnóidh sé an ceart chun saoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

36. Cuirfidh an tAontas dlús leis an ngníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh **daoine scothaosta** in ann cearta uile an duine a theachtadh ina n-iomláine agus chun dul i ngleic leis an aoiseachas. Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil le comhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe chun feabhas a chur ar chosaint agus ar theachtadh chearta an duine ag daoine scothaosta.

37. Leanfaidh an tAontas de **chearta an linbh** a chur chun cinn, agus tabharfaidh sé tús áite do chosaint leanaí ar gach cineál foréigin, lena n-áirítear an foréigean ar líne, agus don rochtain uilíoch ar oideachas ardcháilíochta cuimsitheach. Leanfaidh an tAontas d'aird ar leith a thabhairt ar leanaí atá thíos leis an gcoinbhleacht armtha, agus cuirfidh sé feabhas ar an gcomhordú le sásraí na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir le Treoirlínte nuashonraithe an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh leanaí.

38. Athdhearbhóidh an tAontas a thiomantas daingean an ceart chun **saoirse reiligiúin nó creidimh** a chur chun cinn agus a chosaint do gach duine ar fud an domhain. Cuirfidh an tAontas chun cinn agus cosnóidh sé an ceart atá ag gach duine a reiligiún nó a chreideamh féin a bheith nó gan a bheith aige nó an creideamh nó reiligiún atá aige a athrú nó a léiriú, agus cáinfidh sé ag an am céanna aon choiriúlú a dhéanfar ar shéanadh creidimh agus aon mhí-úsáid a bhainfear as dlíthe blaisféime. Cáinfidh an tAontas idirdhealú, éadulaingt, foréigean agus géarleanúint atá bunaithe ar fhorais reiligiúin nó creidimh, agus diúltóidh sé d'aon chineál gríosaithe chun fuatha reiligiúnaigh.

39. Leanfaidh an tAontas de pháirt chuiditheach a ghlacadh sna tionscnaimh uile a bhaineann le haon chineál **ciníochais**, aon chineál idirdhealaithe chiníoch, aon chineál seineafóibe agus aon éadulaingt ghaolmhar a chomhrac ar fud an domhain, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an seasamh seanbhunaithe uaidh gur gá daingniú uilechoiteann agus cur chun feidhme iomlán éifeachtach an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú a áirithiú, agus gur gá Dearbhú agus Clár Gníomhaíochta Durban a chur chun feidhme agus na sásraí leantacha a ghabhann leis a réasúnú agus a chuíchóiriú i gcás inar gá. Leanfaidh an tAontas de pháirt fhóinteach a ghlacadh sa chaibidlíocht ar dhréachtdearbhú ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cearta daonna daoine de bhunús na hAfraice a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh.

40. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhall, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine smacht iomlán a bheith aige ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach i leith an mhéid sin. An athuair, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a riachtanaí atá an rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.

41. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas daingean na cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha uile a urramú, a chosaint, a chomhlíonadh agus a chur chun cinn, lena n-áirítear an ceart oideachas, bia, sláinte, slándáil sóisialta, tithíocht leormhaith agus obair chuibhiúil a fháil, agus tacú le tionscnaimh ábhartha i ndáil leis an méid sin. Glacfaidh sé páirt ghníomhach sa phlé ar gheilleagar dar tosaíocht cearta an duine, lena n-áirítear an chaoi a dtugann roghanna agus beartais eacnamaíocha tosaíocht do dhínit an duine agus don chomhionannas, agus a réitíonn an bealach do bhaint amach cearta an duine ar deireadh. Leanfaidh sé de bheith ag tacú leis an rochtain uilíoch ar uisce óil, sláintíocht agus sláinteachas atá sábháilte, leordhóthanach inacmhainne, agus cuirfidh sé i dtábhacht gné chearta an duine sna réimsí sin. Leanfaidh sé den cheart chun oideachais a chur chun cinn, an trasnú leis an gclár oibre digiteach, cuimsiú sóisialta agus digiteach, comhionannas inscne agus cumhachtú gach mná agus gach cailín, agus neamh-idirdhealú. Leanfaidh an tAontas de chearta cultúrtha agus cosaint na hoidhreachta cultúrtha a chur chun cinn.

42. Leanfaidh an tAontas den chomhar le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine agus le Meitheal na Náisiún Aontaithe maidir le **Gnó agus Cearta an Duine**, chun cur chun feidhme Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun cinn ar fud an domhain. Leanfaidh sé de bheith ag tacú le glacadh Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta sna Ballstáit agus sna tíortha comhpháirtíochta, agus de chreat cuimsitheach de chuid an Aontais a fhorbairt chun Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Le reachtaíocht an Aontais maidir le dícheall cuí corparáideach i ndáil leis an inbhuanaitheacht agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne saothar éignithe, cuirtear bonn tábhachtach ar fáil do rannpháirtíocht neartaithe an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe, go háirithe maidir le hionstraim atá bunaithe ar chomhthoil agus atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le gnó agus cearta an duine, lena n-áirítear comhairliúcháin théamacha idirsheisiúnacha. D'fhonn cosaint íospartach a fheabhsú agus cothroime iomaíochta dhomhanda a chruthú, tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh teacht ar chomhthoil leathan thrasréigiúnach idir Ballstáit na Náisiún Aontaithe.

43. Agus tionchar an **athraithe aeráide**, chailliúint na bithéagsúlachta, dhíghrádú an chomhshaoil agus an truaillithe ar theachtadh chearta an duine ag na glúine atá ann faoi láthair agus ag na glúine atá le teacht á aithint aige, leanfaidh an tAontas de phlé a dhéanamh le comhpháirtithe ar fud an domhain ar mhaithe le cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a ghiaráil chun dlús a chur leis na hiarrachtaí darb aidhm an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó. Meabhróidh an tAontas oibleagáidí na Stát agus iad ina sealbhóirí dualgais i ndáil leis sin agus díreoidh sé ar na sealbhóirí ceart sin is leochailí maidir le héifeachtaí na géarchéime pláinéadaí triaraí. Cuirfidh an tAontas ról tábhachtach chosantóirí chearta an duine i réimse an chomhshaoil agus daoine dúchasacha chun cinn agus tacóidh sé le bearta le hiad a chosaint. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phlé maidir leis an gceart daonna a chur chun cinn go mbeadh ag an uile dhuine comhshaol atá glan, sláintiúil agus inbhuanaithe. Tacóidh sé leis na bearta misniúla práinneacha is gá mar chuid den aistriú glas chun aistriú cóir cuimsitheach a áirithiú.

44. Leanfaidh an tAontas de chearta na **bPobal Dúchasach** mar a leagtar amach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach iad agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chur chun cinn, agus i ndáil leis sin glacfaidh sé páirt ghníomhach i ngach fóram ábhartha ina ndéantar plé ar chearta na bPobal Dúchasach. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach sna hiarrachtaí uile chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht iomlán éifeachtach fhónta ionadaithe agus institiúidí na bpobal dúchasach i gcomhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear cruinnithe na Comhairle um Chearta an Duine maidir le saincheisteanna a dhéanann difear dóibh. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé cosantóirí chearta daonna na bpobal dúchasach a chosaint, lena n-áirítear i gcomhthéacs na talún agus acmhainní nádúrtha, agus i gcomhthéacs chosaint an chomhshaoil, na bithéagsúlachta agus na haeráide, agus a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh siad in ann cearta an duine a chur chun cinn gan eagla roimh bhearta díoltais. Déanfaidh an tAontas rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán éifeachtach fhóinteach na mban dúchasach a chur chun cinn. Leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé rochtain ar oideachas a chur ar fáil do leanaí dúchasacha ina dteanga agus ina gcultúr féin.

45. Leanfaidh an tAontas dá chuid iarrachtaí deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus forbairt inbhuanaithe chuimsitheach a bhaint amach, ar bhealach lena gcuirfí urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta uile an duine chun cinn, agus nach ndéanfaí idirdhealú ar aon fhoras. Meabhróidh an tAontas na forchoimeádais atá aige maidir leis an dréacht-ionstraim reatha atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir leis an **gceart chun forbartha**, agus leanfaidh sé de pháirt chuiditheach a ghlacadh sa chomhad sin, lena n-áirítear in aon phlé a dhéanfar amach anseo maidir le dréacht-ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí. I ndáil leis sin, leanfaidh sé de phrionsabal uilíocht chearta an duine a chur chun cinn, diúltú do chineálacha cur chuige nach bhfuil ag teacht go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó a d’fhéadfadh an bonn a bhaint d’oibleagáidí na Stát maidir le cearta an duine trí thábhacht níos mó a thabhairt don cheart chun forbartha ná do na cearta eile de chuid an duine, agus a mholadh go n-aithneofaí i gcónaí agus i ngach áit gur sealbhóir cirt é gach duine aonair, agus gur ar na Stáit atá an phríomhfhreagracht agus na hoibleagáidí cearta uile an duine a ghnóthú ina n-iomláine.

46. Leanfaidh an tAontas de dhlús a chur le gníomhaíocht chun seasamh leis an dlí idirnáisiúnta agus le cearta an duine i ndáil le **dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus imircigh**, go háirithe an ceart bunúsach tearmann a lorg agus prionsabal an *non-refoulement*, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine atá i staideanna leochaileacha. Leanfaidh an tAontas de dheiseanna a chur ar fáil le haghaidh bealaí dleathacha chuig an imirce agus na hinniúlachtaí náisiúnta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna. Iarrfaidh an tAontas ar na Stáit uile an gháinneáil ar dhaoine agus an smuigleáil daoine a chosc agus a chomhrac. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur i gcoinne ionstraimiú na n-imirceach chun críoch polaitiúil, agus cearta an duine agus an dlí idirnáisiúnta á n-urramú go hiomlán. Ní cheadóidh an tAontas d'aon tír mí-úsáid a bhaint as a luachanna, lena n-áirítear an ceart ar thearmann, agus an bonn a bhaint dá daonlathais.

47. Iarrfaidh an tAontas ar na Stáit uile a áirithiú go mbeidh an dlí idirnáisiúnta á chomhlíonadh go hiomlán ag an **bhfreagairt ar an sceimhlitheoireacht agus ar an gcoireacht eagraithe**, lena n-áirítear an t-imscrúdú agus an t-ionchúiseamh.

48. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil rún daingean aige dul chun cinn a dhéanamh maidir le **fuadaigh fhorfheidhmithe** a dhíothú, ag tógáil ar an méid a bhain an Chéad Chomhdháil Dhomhanda maidir le Fuadaigh Fhorfheidhmithe amach.